2025/416

14.3.2025

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/416 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29 Samhain 2024**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ábhar agus formáid na dtaifead leabhar orduithe le haghaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 ([1]), agus go háirithe Airteagal 76(16), an tríú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a chur ar chumas údarás inniúil comhthiomsú, comparáid agus anailís éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh ar na sonraí ordaithe, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardáin le haghaidh cripteashócmhainní taifid a choimeád ar shonraí ábhartha a bhaineann le gach ordú (taifid leabhar orduithe) i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart dóibh na sonraí a thaifeadadh i bhformáid leictreonach agus mheaisín-inléite JSON arna forbairt i gcomhréir le modheolaíocht ISO 20022. Ba cheart leabhar orduithe a mheas mar liosta eagraithe d'orduithe ceannaigh agus díola le haghaidh cripteashócmhainn shonrach.

(2) Chun faireachán cuí a dhéanamh ar shláine agus ar chobhsaíocht na margaí i gcripteashócmhainní, teastaíonn faisnéis iontaofa, chomhsheasmhach agus chaighdeánaithe ó na húdaráis inniúla maidir leis na cripteashócmhainní a thrádáiltear. Leis an bhfaisnéis sin, ba cheart go mbeidís in ann an chripteashócmhainn aonair atá á trádáil a shainaithint de réir prionsabail atá bunaithe go hidirnáisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart dóibh a bheith in ann príomhthréithe na gcripteashócmhainní a aisghabháil, lena n-áirítear a ngnéithe teicneolaíocht-sonracha. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní aitheantóir sócmhainní iomchuí a úsáid chun cripteashócmhainní a shainaithint sna taifid orduithe agus taifid idirbheart a sholáthraíonn siad do na húdaráis inniúla. I bhfianaise an chuspóra sin, déantar foráil maidir le húsáid an Aitheantóra Comharthaí Digiteacha arna bhainistiú ag Fondúireacht an Aitheantóra Comharthaí Digiteacha, nó aitheantóirí incháilithe malartacha i Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 68(10), an chéad fhomhír, pointe (b) chun cripteashócmhainní atá faoi réir ordú nó idirbheart atá le taifeadadh ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a shainaithint. I bhfianaise na mbreithnithe sin agus chun cur chuige maoirseachta comhsheasmhach a áirithiú, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le haitheantóirí sócmhainní a úsáid sa Rialachán seo faoi na coinníollacha céanna atá i Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 68(10), an chéad fhomhír, pointe (b).

(3) Is féidir go dtabharfaí faoi iompraíochtaí drochúsáide margaidh, lena n-áirítear cúbláil margaidh, ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trádáil algartamach. Dá bhrí sin, chun faireachas margaidh éifeachtach a áirithiú, i gcás ina ndéanann duine seachas an cliant nó algartam ríomhaire cinntí infheistíochta, ba cheart an duine nó an t-algartam sin a shainaithint sna taifid orduithe agus taifid idirbheart trí úsáid a bhaint as aitheantóirí uathúla, láidre agus comhsheasmhacha. I gcás ina ndéanann níos mó ná duine amháin cinneadh infheistíochta, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an duine ar a bhfuil an phríomhfhreagracht as an gcinneadh a shainaithint ina thaifid.

([1]) IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj.

(4) Chun sainaithint uathúil, chomhsheasmhach agus láidir na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear i dtaifid orduithe a áirithiú, ba cheart iad sin a shainaithint trí thír a náisiúntachta a chomhchaitéiniú agus aitheantóirí arna sannadh ag tír náisiúntachta na ndaoine sin ina dhiaidh sin. I gcás nach bhfuil na haitheantóirí sin ar fáil, ba cheart daoine nádúrtha a shainaithint le haitheantóirí arna gcruthú ó chomhchaitéiniú a ndáta breithe agus a n-ainm. Ba cheart daoine nádúrtha a shainaithint de réir leibhéal tosaíochta na n-aitheantóirí éagsúla a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún ([2]).

(5) D'fhéadfadh daoine nádúrtha ar gá iad a shainaithint chun taifid a choimeád a bheith ina gcónaitheoirí i dtír nach í tír a náisiúntachta í. Tá roinnt oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/1114 nasctha le tír chónaithe na ndaoine nádúrtha agus, dá bhrí sin, tá sé tábhachtach an fhaisnéis sin a bhailiú faoin Rialachán seo chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla maoirseacht éifeachtach ar idirbhearta agus ar orduithe.

(6) Is gá do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sonraí pearsanta áirithe a thaifeadadh chun a gcliaint nó daoine nádúrtha eile atá ábhartha d'orduithe i gcripteashócmhainní a shainaithint, ós rud é go bhfuil na sonraí sin bunriachtanach chun maoirseacht éifeachtúil arna déanamh ag údaráis inniúla a áirithiú, lena n-áirítear i réimse na drochúsáide margaidh. I gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), níor cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ach faisnéis atá riachtanach agus leordhóthanach a choimeád chun a chur ar chumas an údaráis inniúil measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar chomhlíonadh an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní le ceanglais Rialachán (AE) 2023/1114 agus chun faireachán a dhéanamh ar an ngníomhaíocht trádála a bhaineann le horduithe cripteashócmhainní. Agus sonraí pearsanta atá sna taifid á bpróiseáil acu, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus d'údaráis inniúla forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh.

(7) Chun faireachas margaidh a éascú agus chun gur féidir na taifid a chur i gcomparáid le chéile, ba cheart cliaint ar eintitis dhlítheanacha iad a shainaithint le haitheantóir atá comhoiriúnach do na critéir atá bunaithe go hidirnáisiúnta chun córais sainaitheantais láidre a fhorbairt le haghaidh faireachán a dhéanamh ar mhargaí airgeadais. D'fhonn cur chuige maoirseachta comhsheasmhach a áirithiú, maidir leis na haitheantóirí eintitis dá bhforáiltear sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 68(10), an chéad fhomhír, pointe (b), is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le húsáid aitheantóirí eintitis sa Rialachán seo faoi na coinníollacha céanna agus atá sa Rialachán sin.

(8) D'fhéadfadh an rogha maidir le cén t-ardán trádála cripteashócmhainní ar a ndéanfar orduithe a fhorghníomhú nó cén soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dhéanfaidh orduithe a tharchur, nó aon choinníollacha eile a chinneadh a bhaineann le forghníomhú an ordaithe a bheith ábhartha go díreach chun iompraíocht drochúsáide margaidh a shuí. Dá bhrí sin, chun faireachas margaidh éifeachtach a áirithiú, ba cheart duine nó algartam ríomhaire laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá i mbun gníomhaíochtaí den sórt sin a shainaithint sna taifid orduithe. I gcás ina bhfuil baint ag duine agus algartam ríomhaire leis, nó níos mó ná duine amháin nó algartam amháin, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a chinneadh, ar bhonn comhsheasmhach de réir critéir réamhchinntithe, cén duine nó cén t-algartam atá freagrach go príomha as na gníomhaíochtaí sin.

(9) I gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, níor cheart do sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní ach faisnéis atá riachtanach agus leordhóthanach a choimeád chun a chur ar chumas an údaráis inniúil measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar chomhlíonadh an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní le ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2023/1114 agus le forálacha an Rialacháin sin maidir le drochúsáid margaidh. Agus sonraí pearsanta atá sna taifid á bpróiseáil acu, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus d'údaráis inniúla forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh.

---

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun idirbhearta a thuairisciú d'údaráis inniúla (IO L 87, 31.3.2017, lch. 449–478. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/590/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(10) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus thug sé tuairim uaidh an 28 Lúnasa 2024.

(11) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ('ESMA') faoi bhráid an Choimisiúin.

(12) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ESMA maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar, caighdeáin agus formáid na sonraí a bhaineann le horduithe i gcripteashócmhainní**

1. Coimeádfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní sonraí gach ordaithe i gcripteashócmhainní a fhógraítear trína gcuid gcórais agus a leagtar amach in Airteagail 2 go 15, mar a shonraítear san fhormáid a leagtar síos i dTáblaí 2 agus 3 den Iarscríbhinn, a mhéid a bhaineann siad leis an ordú lena mbaineann agus beidh siad ar fáil don údarás inniúil, nó tabharfaidh rochtain don údarás áitiúil orthu.

2. Beidh na sonraí dá dtagraítear i mír 1 i bhformáid JSON i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i gcaighdeán ISO 20022.

*Airteagal 2*

**Na páirtithe lena mbaineann an t-ordú a shainaithint**

1. Maidir le gach ordú i gcripteashócmhainní, coinneoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní taifid ar bun chun na nithe uile seo a leanas a shainaithint:

(a) an rannpháirtí, ar eintiteas dlítheanach é, san ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní agus a chuireann an t-ordú isteach chuig an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, mar a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 4 agus le réimse 1 de Thábla 2 den Iarscríbhinn;

(b) an rannpháirtí, ar eintiteas dlítheanach é, san ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní agus a chuireann an t-ordú isteach chuig an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, mar a shainaithnítear i gcomhréir le réimse 2 de Thábla 2 den Iarscríbhinn;

(c) an cliant a gcuireann an rannpháirtí san ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b) an t-ordú isteach chuig an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní ar a shon, mar a shainaithnítear i gcomhréir le réimse 3 de Thábla 2 den Iarscríbhinn;

(d) an duine nó algartam ríomhaire laistigh den rannpháirtí san ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) atá freagrach as an gcinneadh infheistíochta i ndáil leis an ordú, mar a shainaithnítear i gcomhréir le réimse 4 de Thábla 2 den Iarscríbhinn

(e) an duine nó algartam ríomhaire laistigh den rannpháirtí san ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) atá freagrach as an ordú a fhorghníomhú, mar a shainaithnítear i gcomhréir le réimse 5 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

Chun críocha phointe (d), i gcás ina ndéanann níos mó ná duine amháin an cinneadh infheistíochta, coinneoidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní taifid ar bun i dtaobh an duine ar a bhfuil an phríomhfhreagracht as an gcinneadh sin. Ní dhéanfaidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní duine nó algartam ríomhaire den sórt sin a shainaithint ach amháin i gcás ina ndéantar an cinneadh infheistíochta thar ceann an rannpháirtí, nó thar ceann cliaint i gcomhréir le sainordú lánroghnach dó ón gcliant.

2. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag rannpháirtí san ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní ordú a leithdháileadh ar a chliant tar éis an t-ordú a chur faoi bhráid an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní agus gan an t-ordú a bheith leithdháilte fós aige ar a chliant tráth a chuirtear an t-ordú isteach, sainaithneofar an cliant sin mar a shonraítear i réimse 3 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

3. I gcás ina gcuirfear roinnt orduithe ó chliaint éagsúla isteach chuig an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní le chéile mar ordú comhiomlánaithe, déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i réimse 3 de Thábla 2 den Iarscríbhinn a thaifeadadh i leith gach cliaint.

*Airteagal 3*

**Ainmniúchán chun daoine nádúrtha a shainaithint**

1. Déanfaidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní daoine nádúrtha a shainaithint sna taifid leabhar orduithe trí úsáid a bhaint as an ainmniúchán a eascraíonn as comhchaitéiniú ISO 3166-1 alfa-2 a shonraítear in ISO 3166 agus an t-aitheantóir náisiúnta cliaint ina dhiaidh sin mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún bunaithe ar náisiúntacht an duine. Comhfhreagróidh an cód tíre dhá litir do náisiúntacht an duine nádúrtha.

2. Sannfar an t-aitheantóir náisiúnta cliaint dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis na leibhéil tosaíochta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 trí úsáid a bhaint as an aitheantóir tosaíochta is airde atá ag duine gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-aitheantóir sin ar eolas cheana ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní.

3. I gcás inar náisiúnach de níos mó ná tír amháin de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) é an duine nádúrtha, úsáidfear cód tíre na chéad náisiúntachta nuair a shórtáiltear in ord aibítre é de réir chód ISO 3166-1 alfa-2 agus aitheantóir na náisiúntachta sin a shanntar i gcomhréir le mír 2. I gcás ina bhfuil náisiúntacht neamh-LEE ag duine nádúrtha, úsáidfear an t-aitheantóir tosaíochta is airde i gcomhréir leis an réimse lena dtagraítear do 'gach tír eile' dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590. I gcás ina bhfuil náisiúntacht LEE agus náisiúntacht neamh-LEE ag duine nádúrtha, úsáidfear cód tíre náisiúntacht LEE agus aitheantóir tosaíochta is airde na náisiúntachta sin arna sannadh i gcomhréir le mír 2.

4. I gcás ina bhfuil duine nádúrtha ina chónaitheoir i dtír nach tír a náisiúntachta í, sainaithneoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní an duine nádúrtha sin freisin bunaithe ar thír a chónaithe mar a shonraítear i réimse 50 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

5. Eisiafar réimíreanna le hainmneacha agus cuirfear '#' le céadainmneacha agus sloinnte ar lú iad ná cúig charachtar. Beidh gach carachtar i gceannlitreacha. Ní úsáidfear uaschamóga, aicinn, fleiscíní, marcanna poncaíochta ná spásanna.

6. I gcás ina bhfuil an t-aitheantóir a shanntar i gcomhréir le mír 2 bunaithe ar CONCAT, déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní an duine nádúrtha a shainaithint trí úsáid a bhaint as comhchaitéiniú na ngnéithe seo a leanas san ord seo a leanas:

(a) dáta breithe an duine sin san fhormáid BBBBMMLL;

(b) an chéad cúig charachtar de chéadainm an duine sin;

(c) an chéad cúig charachtar de shloinne an duine sin.

*Airteagal 4*

**Aitheantóirí le haghaidh eintitis dhlítheanacha agus cripteashócmhainní**

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní eintitis dhlítheanacha a shainaithint i dtaifid leabhar orduithe trí úsáid a bhaint as an aitheantóir eintitis i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 68(10), an chéad fhomhír, pointe (b).

2. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní cripteashócmhainní a shainaithint i dtaifid leabhar orduithe trí úsáid a bhaint as an aitheantóir sócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 15 den Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 68(10), an chéad fhomhír, pointe (b).

3. I gcás ina n-úsáidtear an tAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) chun eintitis dhlítheanacha a shainaithint i gcomhréir le mír 1, áiritheoidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní go bhfuil fad agus tógáil an chóid LEI a thaifeadtar sna taifid leabhar orduithe i gcomhréir le caighdeán ISO 17442 agus go n-áirítear cód LEI sa bhunachar sonraí domhanda LEI arna choinneáil ar bun ag an Láraonad Oibriúcháin arna cheapadh ag an gCoiste Formhaoirseachta Rialála, agus go dtagraíonn sé don eintiteas lena mbaineann.

*Airteagal 5*

**Acmhainneacht trádála rannpháirtithe an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní**

Déanfar an acmhainneacht trádála ina gcuireann rannpháirtí an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní ordú isteach a thaifeadadh mar a shonraítear i réimse 7 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

*Airteagal 6*

**Dáta agus am taifeadta**

1. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, coinneoidh siad taifead ar bun ar an dáta agus ar an am a tharla gach teagmhas a liostaítear i réimse 20 de Thábla 2 den Iarscríbhinn mar a shonraítear i réimse 8 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

2. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, coinneoidh siad taifead ar bun ar an dáta agus ar an am le haghaidh gach eiliminte sonraí a liostaítear i réimse 47, 48 49 de Thábla 2 den Iarscríbhinn mar a shonraítear i réimse 8 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

*Airteagal 7*

**Tréimhse bhailíochta agus srianta ordaithe**

1. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, coinneoidh siad taifead ar bun ar na tréimhsí bailíochta agus srianta ordaithe a liostaítear i réimse 9 agus 10 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

2. Coinneofar taifid ar bun ar na dátaí agus ar na hamanna i leith tréimhsí bailíochta le haghaidh gach tréimhse bailíochta mar a shonraítear i réimse 11 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

*Airteagal 8*

**Uimhreacha tosaíochta agus sraithuimhreacha**

1. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní lena n-oibrítear córais trádála ar thosaíocht maidir le ham-infheictheacht praghsanna, coinneoidh siad taifead ar bun ar an stampa ama tosaíochta le haghaidh gach ordaithe mar a shonraítear i réimse 12 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

2. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní lena n-oibrítear córais trádála ar bhonn tosaíochta maidir le méid-am, coinneoidh siad taifead ar bun ar na cainníochtaí lena gcinntear tosaíocht na n-orduithe mar a shonraítear i réimse 13 de Thábla 2 den Iarscríbhinn agus an stampa ama tosaíochta dá dtagraítear i mír 1.

3. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní ina n-úsáidtear teaglaim de thosaíocht maidir le ham-infheictheacht praghsanna agus de thosaíocht maidir le ham-méid, coinneoidh siad taifead ar bun ar an stampa ama tosaíochta le haghaidh gach ordaithe mar a shonraítear i réimse 12 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

4. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní ina n-úsáidtear teaglaim de thosaíocht maidir le ham-infheictheacht praghsanna agus maidir le ham-méid agus ina léirítear orduithe ar a leabhar orduithe de réir tosaíocht am-méid, coinneoidh siad taifead ar bun ar na cainníochtaí lena gcinntear tosaíocht na n-orduithe mar a shonraítear i réimse 13 de Thábla 2 den Iarscríbhinn agus an stampa ama tosaíochta dá dtagraítear i mír 1.

5. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, sannfaidh agus coinneoidh siad sraithuimhir ar bun le haghaidh gach teagmhais mar a shonraítear i réimse 14 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

*Airteagal 9*

**Cóid aitheantais le haghaidh orduithe i gcripteashócmhainní**

1. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, coinneoidh siad cód aitheantais aonair ar bun le haghaidh gach ordaithe mar a shonraítear i réimse 19 de Thábla 2 den Iarscríbhinn. Beidh an cód aitheantais uathúil de réir an mhéid seo a leanas:

(a) leabhar orduithe;

(b) lá trádála agus

(c) cripteasócmhainn.

Beidh an cód bailí ón tráth a gheobhaidh oibreoir an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní an t-ordú go dtí go mbainfear an t-ordú den leabhar orduithe. Beidh feidhm ag an gcód aitheantais maidir le horduithe diúltaithe gan beann ar an bhforas lena ndiúltú.

2. Coinneoidh oibreoir an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní na mionsonraí ábhartha ar bun maidir le horduithe straitéise le feidhmiúlacht intuigthe ('SOIF') a scaiptear ar an bpobal mar a shonraítear i réimse 31 de Thábla 2 den Iarscríbhinn. Sonrófar sa stádas ordaithe dá dtagraítear sa réimse sin cé acu atá nó nach bhfuil ordú intuigthe i gceist leis an ordú.

3. I ndiaidh SOIF a bheith forghníomhaithe, coinneoidh oibreoir an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní a mhionsonraí ar bun mar a shonraítear sna réimsí ábhartha i dTábla 2 den Iarscríbhinn.

4. I ndiaidh SOIF a bheith forghníomhaithe, léireofar cód aitheantais atá nasctha le straitéis maidir le hordú trí úsáid a bhaint as an gcód aitheantais céanna le haghaidh gach ordaithe atá nasctha leis an straitéis ar leith. Sonrófar cód aitheantais atá nasctha le straitéis maidir le hordú i gcomhréir le réimse 44 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

5. Maidir le horduithe a chuirtear isteach chuig ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní lena gceadaítear straitéis ródúcháin, déanfaidh an t-ardán trádála sin le haghaidh cripteashócmhainní iad a shainaithint mar orduithe 'ródaithe' mar a shonraítear i réimse 31 de Thábla 2 den Iarscríbhinn nuair a dhéantar iad a ródú chuig ardán trádála eile le haghaidh cripteashócmhainní. Maidir le horduithe a chuirtear isteach chuig ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní lena gceadaítear straitéis ródúcháin, coinneofar an cód aitheantais céanna ar feadh a saolré, gan beann ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar aon chainníocht atá fágtha a athphostáil ar an leabhar orduithe.

*Airteagal 10*

**Teagmhais a dhéanann difear d'orduithe i gcripteashócmhainní**

Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, coinneoidh siad taifead ar bun ar na mionsonraí dá dtagraítear i réimse 20 de Thábla 2 den Iarscríbhinn i ndáil leis na horduithe nua uile.

*Airteagal 11*

**An cineál ordaithe i gcripteashócmhainní**

1. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, coinneoidh siad taifead ar bun ar an gcineál ordaithe le haghaidh gach ordaithe arna bhfáil agus a sonraíocht féin á húsáid mar a shonraítear i réimse 21 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

2. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, déanfaidh siad gach ordú arna fháil a aicmiú mar ordú teorann nó stadordú mar a shonraítear i réimse 22 de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

*Airteagal 12*

**Praghsanna a bhaineann le horduithe**

Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, coinneoidh siad taifead ar bun ar na mionsonraí uile a bhaineann le praghas lena dtagraítear d'orduithe faoi seach, mar a shonraítear i Roinn I de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

*Airteagal 13*

**Treoracha maidir le hordú**

Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, coinneoidh siad taifead ar bun ar na treoracha uile maidir le hordú arna bhfáil le haghaidh gach ordaithe mar a shonraítear i Roinn J de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

*Airteagal 14*

**Cód aitheantais idirbhirt**

Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, coinneoidh siad cód aitheantais idirbhirt aonair ar bun le haghaidh gach idirbhirt atá mar thoradh ar ordú a fhorghníomhú go hiomlán nó go páirteach mar a shonraítear i réimse 46 de Thábla 2 agus réimse 1 de Thábla 3 den Iarscríbhinn, de réir mar is infheidhme

*Airteagal 15*

**Céimeanna trádála agus méid agus praghas ceantála táscach**

1. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, coinneoidh siad taifead ar bun ar na céimeanna trádála agus méid agus praghas ceantála táscach, mar a shonraítear i Roinn K de Thábla 2 den Iarscríbhinn.

2. I gcás ina n-iarrann údaráis inniúla sonraí dá dtagraítear i Roinn K, measfar go bhfuil na mionsonraí dá dtagraítear i réimsí 8 agus 14 go 17 de Thábla 2 den Iarscríbhinn le soláthar bunaithe ar an iarraidh sin.

*Airteagal 16*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Samhain 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

*Tábla 1*

**Eochair eolais le haghaidh Thábla 2 agus Thábla 3**

| Siombail | Cineál sonraí | Sainmhíniú |
|---|---|---|
| {ALFA-UIMHIR-n} | Suas le n charachtar alfa-uimhriúla | Réimse saorthéacs. |
| {CÓD_CFI} | 6 charachtar | Cód CFI ISO 10962. |
| {CÓDTÍRE_2} | 2 charachtar alfa-uimhriúla | Cód tíre 2 litir, mar a shonraítear le cód tíre ISO 3166-1 alfa-2. |
| {CÓDAIRGEADRA_3} | 3 charachtar alfa-uimhriúla | Cód airgeadra 3 litir, mar a shainítear le cóid airgeadra ISO 4217. |
| {DÁTA_AM_FORMÁID} | Formáid dáta agus ama ISO 8601 | Dáta agus am san fhormáid seo a leanas:<br>BBBB-MM-LLAuu:nn:ss.ddddZ, sa chás seo a leanas:<br>— is é 'BBBB' an bhliain;<br>— is é 'MM' an mhí;<br>— is é 'LL' an lá;<br>— 'A' – ciallaíonn sé sin go n-úsáidfear an litir 'A';<br>— is é'uu' an uair;<br>— is é 'nn' an nóiméad;<br>— is é 'ss.dddddd' an soicind agus a chodán de shoicind;<br>— is é Z am AUL.<br>Tuairisceofar dátaí agus amanna in AUL. |
| {FORMÁIDDÁTA} | Formáid dáta ISO 8601 | Déanfar na dátaí a fhormáidiú san fhormáid seo a leanas: BBBB-MM-LL. |
| {DEACHÚIL-n/m} | Uimhir dheachúil suas le n digit ar an iomlán a bhféadfaidh suas le m digit de sin a bheith ina ndigití codáin | Réimse uimhriúil le haghaidh luachanna deimhneacha agus diúltacha araon.<br>— is pointe deachúil é '.' (lánstad);<br>— déantar '–' (lúide) a chur roimh uimhreacha diúltacha; déantar luachanna a shlánú agus ní chiorraítear iad. |
| {DTI} | 9 gcarachtar alfa-uimhriúla | Cód DTI ISO 24165 a shanntar do shócmhainní digiteacha idirmhalartacha a úsáideann teicneolaíocht mórleabhar dáilte lena heisiúint, lena stóráil, lena malartú, lena taifead úinéireachta nó lena bailíochtú idirbhirt agus nach airgeadra é (ISO 4217) mar a thugtar tuairisc air in ISO 24165 - DTI. |
| {AINM_GEARR_DTI} | n carachtar alfa-uimhriúla | Ainm gearr DTI arna chlárú de réir eilimintí sonraí ISO 24165-2 chun DTI a chlárú |
| {SLÁNUIMHIR-n} | Slánuimhir suas le n digit san iomlán | Réimse uimhriúil le haghaidh luachanna slánuimhreach deimhneacha agus diúltacha araon. |
| {ISIN} | 12 charachtar alfa-uimhriúla | Cód ISIN, mar a shonraítear in ISO 6166 |

| Siombail | Cineál sonraí | Sainmhíniú |
|---|---|---|
| {LEI} | 20 carachtar alfa-uimhriúla | Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh mar a shonraítear in ISO 17442 |
| {MIC} | 4 charachtar alfa-uimhriúla | Aitheantóir Margaidh mar a shonraítear in ISO 10383 |
| {CÉANNACHT_NÁIS-IÚNTA} | 35 charachtar alfa-uimhriúla | Déanfar an t-aitheantóir a dhíorthú i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo agus le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590. |

*Tábla 2*

| Uimhir Réimse | Ainm Réimse | Tuairisc réimse | Mionsonraí an leabhair orduithe |
|---|---|---|---|
| Roinn A – Na páirtithe ábhartha a shainaithint | | | |
| 1 | An t-eintiteas a chuir an t-ordú isteach a shainaithint | Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh rannpháirtí an ardáin trádála arna oibriú ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó aitheantóirí coibhéiseacha a shonraítear in Airteagal 4. | {LEI}<br>{ALFA-UIMHIR-20} |
| 2 | An duine nádúrtha a chuir an t-ordú isteach a shainaithint | Céannacht rannpháirtí an ardáin trádála arna oibriú ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní. Ní bhaineann an réimse seo ach le daoine nádúrtha. | {CÉANNACHT_NÁISIÚNTA} |
| 3 | Cód aitheantais cliaint | An cód a úsáidtear chun cliant an rannpháirtí san ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a shainaithint.<br>I gcás inar eintiteas dlítheanach é an cliant, úsáidfear cód LEI nó aitheantóir malartach an chliaint dá dtagraítear in Airteagal 4, {ALFA-UIMHIR-20}.<br>I gcás nach eintiteas dlítheanach é an cliant, úsáidfear an cód {CÉANNACHT_NÁISIÚNTA}.<br>I gcás leithdháiltí atá ar feitheamh, úsáidfear an bhratach PNAL.<br>Ní dhéanfar an réimse seo a líonadh le 'NOAP'ach amháin i gcás ina bhfuil leas díreach ag rannpháirtí an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní le ceannach nó le díol. | {LEI}<br>{ALFA-UIMHIR-20}<br>{CÉANNACHT_NÁISIÚNTA}<br>'PNAL'<br>'NOAP' |
| 4 | Cinneadh infheistíochta laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní | An cód a úsáidtear chun an duine nó an t-algartam ríomhaire laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá freagrach as an gcinneadh infheistíochta a shainaithint.<br>I gcás ina bhfuil duine nádúrtha laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní freagrach as an gcinneadh infheistíochta, sainaithneofar an duine atá freagrach as an gcinneadh infheistíochta leis an {CÉANNACHT_NÁISIÚNTA} | {CÉANNACHT_NÁISIÚNTA} – Daoine nádúrtha<br>{ALFA-UIMHIR-50} – Algartaim |

| Uimhir Réimse | Ainm Réimse | Tuairisc réimse | Mionsonraí an leabhair orduithe |
|---|---|---|---|
| | | I gcás ina raibh algartam lena gcinntear paraiméadair aonair orduithe go huathoibríoch freagrach as an gcinneadh infheistíochta, déanfar an réimse a líonadh le cód arna shannadh i gcomhréir le hAirteagal 2.<br>Fágfar an réimse seo bán i gcás nach duine ná algartam ríomhaire laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a rinne an cinneadh infheistíochta. | |
| 5 | Forghníomhú laistigh de ghnólacht | An cód a úsáidtear chun an duine nó an t-algartam laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá freagrach as an an idirbheart a fhorghníomhú mar thoradh ar an ordú a shainaithint. Níl an réimse seo infheidhme nuair is duine nádúrtha é an t-eintiteas forghníomhaitheach.<br>I gcás ina bhfuil duine nádúrtha freagrach as an idirbheart a fhorghníomhú, déanfar an duine sin a shainaithint le {CÉANNACHT_NÁISIÚNTA}.<br>I gcás ina bhfuil algartam lena gcinntear paraiméadair aonair orduithe go huathoibríoch amhail cé acu a thionscnófar nó nach dtionscnófar an t-ordú nó uainiú, praghas nó cainníocht an ordaithe freagrach as an idirbheart a fhorghníomhú, déanfar an réimse sin a líonadh le cód arna shannadh ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, i gcomhréir le hAirteagal 4.<br>I gcás ina bhfuil baint ag níos mó ná duine amháin nó ag roinnt daoine agus algartam le forghníomhú an idirbhirt, cinnfidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an duine nó an t-algartam atá freagrach go príomha agus déanfaidh sé an réimse a líonadh le céannacht an duine sin nó an algartaim sin. | {CÉANNACHT_NÁISIÚNTA} – Daoine nádúrtha<br>{ALFA-UIMHIR-50} – Algartaim |
| 6 | Bróicéir neamh-fhorghníomhaithe | An cód a úsáidtear chun rannpháirtí ar an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a shainaithint a rinne ordú a ródú thar ceann rannpháirtí eile ar an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní agus in ainm an rannpháirtí sin.<br>'NOAP' a bheidh sa réimse seo i gcás nach bhfuil sé ábhartha. | LEI<br>{ALFA-UIMHIR-20}<br>'NOAP' |
| Roinn B – Acmhainneacht trádála agus soláthar leachtachta | | | |
| 7 | Acmhainneacht trádála | Tugtar le fios cé acu atá nó nach bhfuil an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dhéanann an t-idirbheart ag trádáil bunairgid mheaitseáilte nó ag malartú cripteashócmhainní ar chistí.<br>I gcás nárab é is cúis le cur isteach ordaithe go dtugann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní faoi thrádáil bhunairgid mheaitseáilte nó go malartaíonn sé cripteashócmhainní ar chistí, tugtar le fios sa réimse go ndearnadh an t-idirbheart faoi aon acmhainneacht eile. | 'DEAL' – cripteashócmhainní a mhalartú ar chistí<br>'MTCH' – Bunairgead meaitseáilte<br>'AOTC' – Aon acmhainneacht eile |
| Roinn C – Dáta agus am | | | |
| 8 | Dáta agus Am | Dáta agus am gach teagmhais a liostaítear i Ranna G agus K den Tábla seo. | {DÁTA_AM_FORMÁID} |

| Uimhir Réimse | Ainm Réimse | Tuairisc réimse | Mionsonraí an leabhair orduithe |
|---|---|---|---|
| Roinn D – Tréimhse bhailíochta agus srianta ordaithe | | | |
| 9 | Tréimhse bhailíochta | Ordú lae: rachaidh an t-ordú in éag ag deireadh an lae trádála a ndearnadh é a iontráil sa leabhar orduithe.<br>Ordú 'bailí go gcealófar é': Beidh an t-ordú gníomhach sa leabhar orduithe fós agus beidh sé infhorghníomhaithe go dtí go gcuirfear ar ceal é i ndáiríre.<br>Ordú 'bailí go dtí am sonraithe': rachaidh an t-ordú in éag, ar a dhéanaí, ag am réamhchinntithe laistigh den seisiún trádála reatha.<br>Ordú 'bailí go dtí dáta sonraithe': téann an t-ordú in éag ag deireadh dáta shonraithe.<br>Ordú 'bailí go dtí dáta agus am sonraithe': téann an t-ordú in éag ag am agus ar dháta sonraithe.<br>Ordú 'bailí tar éis am sonraithe': níl an t-ordú gníomhach ach tar éis am réamhchinntithe laistigh den seisiún trádála reatha.<br>Ordú 'bailí tar éis dáta': níl an t-ordú gníomhach ach ó thús dáta réamhchinntithe.<br>Ordú 'bailí tar éis dáta agus am sonraithe': níl an t-ordú gníomhach ach ó am réamhchinntithe ar dháta réamhchinntithe.<br>Ordú 'láithreach nó cealaigh': ordú a fhorghníomhaítear ar iontráil dó sa leabhar orduithe (maidir leis an gcainníocht is féidir a fhorghníomhú) agus nach bhfuil sa leabhar orduithe maidir leis an gcainníocht atá fágtha (más ann di) nach bhfuil forghníomhaithe.<br>Ordú 'líon anois nó cealaigh': ordú a fhorghníomhaítear ar é a iontráil sa leabhar orduithe ar choinníoll gur féidir é a líonadh go hiomlán; sa chás nach féidir an t-ordú a fhorghníomhú ach go páirteach, diúltaítear dó go huathoibríoch agus dá bhrí sin ní féidir é a fhorghníomhú.<br>Eile: aon tásc breise atá uathúil le haghaidh samhlacha gnó, ardáin trádála nó córais trádála shonracha. | 'DAVY' – Ordú lae<br>'GTCV' – Ordú atábailí go dtí tráth a chealaithe<br>'GTTV' – Ordú 'bailí go dtí am sonraithe'<br>'GTDV' – Ordú 'bailí go dtí dáta sonraithe'<br>'GTSV'– Ordú 'bailí go dtí dáta agus am sonraithe'<br>'GATV' – Ordú 'bailí tar éis am sonraithe'<br>'GADV' – Ordú 'bailí tar éis dáta'<br>'GASV'– Ordú 'bailí tar éis dáta agus am sonraithe'<br>'IOCV' – Ordú 'láithreach nó cealaigh'<br>'FOKV' – Ordú 'líon anois nó cealaigh'<br>nó<br>{ALFA-UIMHIR-4} carachtar nach bhfuil in úsáid cheana chun an t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní féin a aicmiú. |
| 10 | Srianta ordaithe | Bailí don Seisiún Meaitseála ag Praghsanna Scoir: i gcás ina bhfuil ordú incháilithe don seisiún meaitseála ag praghsanna scoir.<br>Ordú 'Bailí le haghaidh Ceant': níl an t-ordú gníomhach ach ag céimeanna ceantála agus ní féidir é a fhorghníomhú ach ag céimeanna ceantála (ar féidir leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a chuir an t-ordú isteach iad a réamhshainiú, e.g. ceantanna oscailte agus ceantanna scoir agus/nó ceant ionlae).<br>Bailí le haghaidh Trádáil Leanúnach amháin: níl an t-ordú gníomhach ach le linn trádáil leanúnach. | 'SESR' – Bailí don Seisiún Meaitseála ag Praghsanna Scoir<br>'VFAR' – Bailí le haghaidh Ceant<br>'VFCR'– Bailí le haghaidh Trádáil Leanúnach amháin<br>{ALFA-UIMHIR-4} carachtar nach bhfuil in úsáid cheana chun an t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní féin a aicmiú. |

| Uimhir Réimse | Ainm Réimse | Tuairisc réimse | Mionsonraí an leabhair orduithe |
|---|---|---|---|
| | | Eile: aon tásc breise atá uathúil le haghaidh samhlacha gnó, ardáin trádála nó córais trádála shonracha. | Déanfar an réimse seo a líonadh le hilbhratacha agus camóg eatarthu i gcás ina bhfuil níos mó ná bratach amháin infheidhme |
| 11 | Tréimhse bhailíochta agus am | Tagraíonn an réimse seo don stampa ama lena léirítear an t-am a éiríonn an t-ordú gníomhach nó a bhaintear den leabhar orduithe é ar deireadh.<br>Ordú lae: an dáta iontrála ag a bhfuil an stampa ama díreach roimh mheán oíche.<br>Ordú 'bailí go dtí am sonraithe': an dáta iontrála agus an t-am dá sonraítear san ordú.<br>Ordú 'bailí go dtí dáta sonraithe': an dáta éaga sonraithe leis an stampa ama díreach roimh mheán oíche.<br>Ordú 'bailí go dtí dáta agus am sonraithe': an dáta agus an t-am sonraithe éaga.<br>Ordú 'bailí tar éis am sonraithe': an dáta iontrála agus an t-am sonraithe a bheidh an t-ordú gníomhach.<br>Ordú 'bailí tar éis dáta': an dáta sonraithe leis an stampa ama díreach tar éis meán oíche.<br>Ordú 'bailí tar éis dáta agus am sonraithe': an dáta agus an t-am sonraithe a bheidh an t-ordú gníomhach.<br>Ordú atá bailí go dtí tráth a chealaithe: an dáta agus an t-am deiridh a bhaintear an t-ordú go huathoibríoch le hoibríochtaí margaidh.<br>Eile: stampa ama le haghaidh aon chineál bailíochta breise. | {DÁTA_AM_FORMÁID} |
| Roinn E – Uimhreacha tosaíochta agus sraithuimhir | | | |
| 12 | Stampa ama tosaíochta | Tabharfar an réimse seo cothrom le dáta gach uair a athrófar tosaíocht ordaithe. | {DÁTA_AM_FORMÁID} |
| 13 | Méid tosaíochta | Maidir le hardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní a úsáideann tosaíocht maidir le ham-méid, déanfar an réimse seo a líonadh le huimhir dheimhneach a chomhfhreagraíonn don chainníocht.<br>Tabharfar an réimse seo cothrom le dáta gach uair a athrófar tosaíocht an ordaithe. | Suas le 20 digit dheimhneach uimhriúil. |
| 14 | Sraithuimhir | Déanfar gach teagmhas a liostaítear i roinn G a shainaithint trí úsáid a bhaint as slánuimhreacha deimhneacha in ord ardaitheach.<br>Beidh an tsraithuimhir uathúil le haghaidh gach cineáil teagmhais; comhsheasmhach sna teagmhais uile, stampa ama arna stampáil ag oibreoir an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní; leanúnach don dáta a tharlaíonn an teagmhas. | {SLÁNUIMHIR-50} |

| Uimhir Réimse | Ainm Réimse | Tuairisc réimse | Mionsonraí an leabhair orduithe |
|---|---|---|---|
| Roinn F – An t-ordú a shainaithint | | | |
| 15 | MIC deighleoige | An t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní inar cuireadh an t-ordú isteach a shainaithint.<br>Má úsáideann an t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní MICanna deighleoige, úsáidfear MIC deighleoige.<br>Má úsáideann an t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní MICanna deighleoige, úsáidfear MIC deighleoige. | {MIC} |
| 16 | Cód leabhair orduithe | An cód alfa-uimhriúil arna bhunú ag an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní i ndáil le gach leabhair orduithe. | {ALFA-UIMHIR-20} |
| 17 | Cód aitheantais cripteashócmhainní | Aitheantóir uathúil gan débhrí na cripteashócmhainne i gcomhréir le hAirteagal 4 | {DTI}<br>{ALFA-UIMHIR-20} |
| 18 | An dáta a fhaightear | An dáta a fhaightear an t-ordú bunaidh | {FORMÁIDDÁTA} |
| 19 | Cód aitheantais orduithe | Cód alfa-uimhriúil arna shannadh ag oibreoir an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní don ordú aonair. | {ALFA-UIMHIR-50} |
| Roinn G – Imeachtaí a dhéanann difear don ordú | | | |
| 20 | Ordú nua, ordú a mhodhnú, a chealú, a dhiúltú, a fhorghníomhú go páirteach nó go hiomlán | Ordú nua: ordú nua a chur isteach chuig an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn an t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní.<br>Arna thruicearú: ordú a éireoidh infhorghníomhaithe nó, de réir mar a bheidh, neamh-infhorghníomhaithe ar choinníoll réamhchinntithe a bhaint amach.<br>Arna chur ina ionad ag rannpháirtí an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní: i gcás ina gcinnfidh rannpháirtí nó cliant an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní ar a thionscnamh féin aon saintréith den ordú a chuir sé isteach sa leabhar orduithe roimhe sin a athrú.<br>Arna chur ina ionad ag oibríochtaí margaidh (uathoibríoch): i gcás ina n-athraíonn córais TFC oibreoir an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní aon saintréith d'ordú. Áirítear leis sin i gcás ina n-athraítear saintréithe reatha d'ordú pionnála nó de stadordú sraoilleach chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil an t-ordú lonnaithe laistigh den leabhar orduithe.<br>Arna chur ina ionad ag oibríochtaí margaidh (idirghabháil an duine): i gcás ina n-athraíonn foireann oibreoir an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní aon saintréith d'ordú. Áirítear leis sin an cás ina n-iarrann rannpháirtí san ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní na horduithe a bhaineann le teagmhais TFC a chur ar ceal go práinneach.<br>Stádas a athrú ar thionscnamh rannpháirtí an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní. Áirítear leis sin gníomhachtú agus díghníomhachtú.<br>Athrú stádais mar gheall ar oibríochtaí margaidh.<br>Arna chur ar ceal ar thionscnamh rannpháirtí an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní: i gcás ina gcinnfidh rannpháirtí nó cliant ar a thionscnamh féin an t-ordú a chuir sé isteach roimhe sin a chur ar ceal. | 'NEWO' – Ordú nua<br>'TRIG' – Arna thruicearú<br>'REME' – Arna chur ina ionad ag comhalta nó rannpháirtí an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní<br>'REMA'– Arna chur ina ionad ag oibríochtaí margaidh (uathoibríoch)<br>'REMH'– Arna chur ina ionad ag oibríochtaí margaidh (idirghabháil an duine)<br>'CHME'– Stádas a athrú ar thionscnamh rannpháirtí an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní<br>'CHMO'– Athrú stádais mar gheall ar oibríochtaí margaidh<br>'CAME'– Arna chur ar ceal ar thionscnamh rannpháirtí an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní |

| Uimhir Réimse | Ainm Réimse | Tuairisc réimse | Mionsonraí an leabhair orduithe |
|---|---|---|---|
| | | Arna chur ar ceal ag oibríochtaí margaidh.<br>Ordú diúltaithe: ordú arna fháil ach arna dhiúltú ag oibreoir an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní.<br>Ordú atá imithe in éag: i gcás ina mbainfear an t-ordú den leabhar orduithe ag deireadh a thréimhse bailíochta.<br>Arna líonadh go páirteach: i gcás nach bhforghníomhófar an t-ordú go hiomlán ionas go mbeidh cainníocht le forghníomhú fós<br>Arna líonadh: i gcás nach bhfuil níos mó cainníochta le forghníomhú. | 'CAMO'- Arna chur ar ceal ag oibríochtaí margaidh<br>'REMO' – Ordú diúltaithe<br>'EXPI' – Ordú atá imithe in éag<br>'PARF' – Arna líonadh go páirteach<br>'FILL' – Arna líonadh<br>{ALFA-UIMHIR-4} carachtar nach bhfuil in úsáid cheana chun an t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní féin a aicmiú. |
| Roinn H – An cineál ordaithe | | | |
| 21 | Cineál ordaithe | Sainaithnítear an cineál ordaithe a chuirtear isteach chuig an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní de réir shonraíochtaí an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní. | {ALFA-UIMHIR-50} |
| 22 | Cineál ordaithe a aicmiú | An t-ordú a aicmiú de réir dhá chineál ordaithe chineálacha. Ordú teorann: sna cásanna ina bhfuil an t-ordú intrádála; agus<br>Stadordú: sna cásanna nach mbeidh an t-ordú intrádála ach ar theagmhas praghais réamhchinntithe a bhaint amach. | Na litreacha 'LMTO' le haghaidh teorann nó na litreacha 'STOP' le haghaidh stad. |
| Roinn I – Praghsanna | | | |
| 23 | Praghas teorann | An t-uasphraghas ag ar féidir le hordú ceannaigh trádáil nó an t-íosphraghas ag ar féidir le hordú díola trádáil.<br>An praghas corrlaigh le haghaidh ordú straitéise. D'fhéadfadh sé a bheith diúltach nó deimhneach.<br>'NOAP' a bheidh sa réimse seo i gcás nach bhfuil sé ábhartha.<br>I gcás ina dtuairiscítear praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar é san aonad mórairgeadra.<br>Má thrádáiltear an chripteashócmhainn bunaithe ar phéire airgeadraí, léireofar leis an bpraghas cainníocht an airgeadra luachana le haghaidh aonad amháin den bhunairgeadra.<br>Má léirítear an praghas i bhfo-chomhpháirteanna na cripteashócmhainne sin, déanfar é a thaifeadadh mar sin féin i nodaireacht dheachúil an phraghais arna léirú in aonaid na cripteashócmhainne sin. | {DEACHÚIL-18/13} i gcás ina léirítear an praghas mar luach airgeadúil.<br>{DEACHÚIL-11/10} i gcás ina léirítear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh.<br>{DEACHÚIL-18/17} i gcás ina léirítear an praghas mar bhonnphointí<br>'NOAP' |

| Uimhir Réimse | Ainm Réimse | Tuairisc réimse | Mionsonraí an leabhair orduithe |
|---|---|---|---|
| 24 | Praghas teorann breise | Aon phraghas teorann eile a bhféadfadh feidhm a bheith aige maidir leis an ordú. 'NOAP' a bheidh sa réimse seo i gcás nach bhfuil sé ábhartha.<br>I gcás ina dtuairiscítear praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar é san aonad mórairgeadra.<br>Má thrádáiltear an chripteashócmhainn bunaithe ar phéire airgeadraí, léireofar leis an bpraghas cainníocht an airgeadra luachana le haghaidh aonad amháin den bhunairgeadra.<br>Má léirítear an praghas i bhfo-chomhpháirteanna na cripteashócmhainne sin, déanfar é a thaifeadadh mar sin féin i nodaireacht dheachúil an phraghais arna léiriú in aonaid na cripteashócmhainne sin. | {DEACHÚIL-18/13} i gcás ina léirítear an praghas mar luach airgeadúil.<br>{DEACHÚIL-11/10} i gcás ina léirítear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh.<br>{DEACHÚIL-11/10} i gcás ina léirítear an praghas mar bhonnphointí<br>'NOAP' |
| 25 | Stadphraghas | An praghas nach mór a bhaint amach chun go mbeidh an t-ordú gníomhach.<br>Maidir le stadphraghasanna arna dtruicearú ag teagmhais atá neamhspleách ar phraghas na cripteashócmhainne, déanfar an réimse seo a líonadh le stadphraghas atá cothrom le nialas.<br>'NOAP' a bheidh sa réimse seo i gcás nach bhfuil sé ábhartha.<br>I gcás ina dtuairiscítear praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar é san aonad mórairgeadra.<br>Má thrádáiltear an chripteashócmhainn bunaithe ar phéire airgeadraí, léireofar leis an bpraghas cainníocht an airgeadra luachana le haghaidh aonad amháin den bhunairgeadra.<br>Má léirítear an praghas i bhfo-chomhpháirteanna na cripteashócmhainne sin, déanfar é a thaifeadadh mar sin féin i nodaireacht dheachúil an phraghais arna léirú in aonaid na cripteashócmhainne sin. | {DEACHÚIL-18/13} i gcás ina léirítear an praghas mar luach airgeadúil.<br>{DEACHÚIL-11/10} i gcás ina léirítear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh.<br>{DEACHÚIL-18/17} i gcás ina léirítear an praghas mar bhonnphointí<br>'NOAP' |
| 26 | Praghas teorann pionnáilte | An t-uasphraghas ag ar féidir le hordú pionnála le ceannach trádáil nó an t-íosphraghas ag ar féidir le hordú pionnála le díol trádáil.<br>'NOAP' a bheidh sa réimse seo i gcás nach bhfuil sé ábhartha.<br>I gcás ina dtuairiscítear praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar é san aonad mórairgeadra.<br>Má thrádáiltear an chripteashócmhainn bunaithe ar phéire airgeadraí, léireofar leis an bpraghas cainníocht an airgeadra luachana le haghaidh aonad amháin den bhunairgeadra.<br>Má léirítear an praghas i bhfo-chomhpháirteanna na cripteashócmhainne sin, déanfar é a thaifeadadh mar sin féin i nodaireacht dheachúil an phraghais arna léirú in aonaid na cripteashócmhainne sin. | {DEACHÚIL-18/13} i gcás ina léirítear an praghas mar luach airgeadúil.<br>{DEACHÚIL-11/10} i gcás ina léirítear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh.<br>{DEACHÚIL\|-18/17} i gcás ina léirítear an praghas mar bhonnphointí<br>'NOAP' |
| 27 | Praghas an idirbhirt | Praghas trádáilte an idirbhirt gan coimisiún, táillí eile ná ús fabhraithe, i gcás inarb infheidhme, san áireamh.<br>I gcás nach infheidhme an praghas, déanfar an réimse a líonadh le luach 'NOAP'.<br>I gcás ina dtuairiscítear praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar é san aonad mórairgeadra. | {DEACHÚIL-18/13} i gcás ina léirítear an praghas mar luach airgeadúil.<br>{DEACHÚIL-11/10} i gcás ina léirítear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh. |

| Uimhir Réimse | Ainm Réimse | Tuairisc réimse | Mionsonraí an leabhair orduithe |
|---|---|---|---|
| | | Má thrádáiltear an chripteashócmhainn bunaithe ar phéire airgeadraí, léireofar leis an bpraghas cainníocht an airgeadra luachana le haghaidh aonad amháin den bhunairgeadra. | {DEACHÚIL-18/17} i gcás ina léirítear an praghas mar bhonnphointí<br>'NOAP' |
| 28 | Airgeadra an phraghais | An t-airgeadra ina léirítear praghas trádála na cripteashócmhainne a bhaineann leis an ordú (tá sé infheidhme i gcás ina léirítear an praghas mar luach airgeadúil).<br>I gcás ina ndéantar an chripteashócmhainn a thrádáil in ríomh-airgead /comhartha ríomh-airgid, úsáidfear aitheantóirí comharthaí digiteacha mar a shonraítear in Airteagal 4.<br>I gcás ina léirítear praghas na cripteashócmhainne i dtéarmaí airgeadaíochta agus léirítear é i bpéire airgeadraí, tuairisceofar an péire airgeadra ina léirítear praghas na cripteashócmhainne a bhaineann leis an ordú. Is é cód an bhunairgeadra a bheidh sa chéad chód airgeadra agus is é cód an airgeadra luachana a bheidh sa dara cód airgeadra. Cinntear leis an airgeadra luachana an praghas ar aonad amháin den bhunairgeadra. Úsáidfear cód airgeadra ISO agus an t-ainm gearr DTI arna gclárú de réir eilimintí sonraí ISO 24165-2 chun an DTI nó an t-aitheantóir coibhéiseach malartach dá dtagraítear in Airteagal 4 a chlárú chun an t-airgeadra *fiat* agus an chripteashócmhainn faoi seach a léiriú sa phéire airgeadraí. | {CÓDAIRGEADRA_3}<br>{DTI}<br>{ALFA-UIMHIR-20}<br>Ba cheart{CÓDAIRGEADRA_3} a úsáid le haghaidh airgeadraí *fiat* i bpéire airgeadraí.<br>Ba cheart{AINM_GEARR_DTI} a úsáid le haghaidh cripteashócmhainní i bpéire airgeadraí.<br>'NOAP' |
| 29 | Anótáil praghais | Tugtar le fios cé acu a léirítear nó nach léirítear an praghas mar luach airgeadúil, mar chéatadán, i mbonnphointí nó i gcripteashócmhainní. | 'MONE' – Luach airgeadúil<br>'PERC' – Céatadán<br>'YIEL' – Toradh<br>'BAPO' – Bonnphointí |
| Roinn J – Treoracha maidir le hordú | | | |
| 30 | Táscaire an cheannaigh-an díola | Le taifeadadh má tá an t-ordú le ceannach nó le díol. | 'BUYI' – ceannach<br>'SELL' – díol |
| 31 | Stádas ordaithe | Orduithe atá gníomhach/neamhghníomhach/curtha ar fionraí, daingean/táscach (sannta do luachana amháin)/intuigthe/athródaithe a shainaithint.<br>Gníomhach – orduithe neamhluachana atá intrádála.<br>Neamhghníomhach – orduithe neamhluachana atá intrádála.<br>Daingean/táscach – Sannta do luachana amháin. Ciallaíonn luachana táscacha go bhfuil siad infheicthe ach nach féidir iad a fhorghníomhú. Áirítear leis seo barántais i roinnt ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní. Is féidir luachana daingne a fhorghníomhú. | 'ACTI'- gníomhach<br>nó<br>'INAC'- neamhghníomhach<br>nó<br>'FIRM'- luachana daingne<br>nó<br>'INDI'- luachana táscacha |

| Uimhir Réimse | Ainm Réimse | Tuairisc réimse | Mionsonraí an leabhair orduithe |
|---|---|---|---|
| | | Intuigthe – Arna úsáid le haghaidh orduithe straitéise a dhíorthaítear ó fheidhmiúlacht intuigthe nó intuigthe amach.<br>Ródaithe – Arna úsáid le haghaidh orduithe a dhéanann an t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a ródú chuig ionaid eile. | nó<br>'IMPL'- orduithe straitéise intuigthe<br>nó<br>'ROUT' – orduithe ródaithe.<br>Má tá ilstádais infheidhme, déanfar an réimse seo a líonadh le hilbhratacha agus camóg eatarthu. |
| 32 | Anótáil cainníochta | Tugtar le fios cé acu a léirítear nó nach léirítear an chainníocht a thuairiscítear i líon aonad, mar luach ainmniúil nó mar luach airgeadúil, nó mar aonaid cripteashócmhainní. | 'UNIT' – Líon aonad<br>'NOML' – Luach ainmniúil<br>'MONE' – Luach airgeadúil<br>'{CRYP}' – Luach i gcripteashócmhainní |
| 33 | Airgeadra cainníochta | An t-airgeadra ina léirítear an chainníocht. Tagróidh an t-airgeadra do na haonaid cripteashócmhainní, fiú nuair atá an t-idirbheart ainmnithe i bhfo-chomhpháirteanna na cripteashócmhainne sin.<br>Ní gá réimse a líonadh ach amháin i gcás ina léirítear an chainníocht mar luach airgeadúil ainmniúil nó mar aonaid cripteashócmhainní. | {CÓDAIRGEADRA_3}<br>{DTI}<br>{ALFA-UIMHIR-20} |
| 34 | Cainníocht tosaigh | An líon aonad cripteashócmhainní san ordú. I gcás ina mbaineann an t-ordú le codán de chripteashócmhainn, sonraítear cainníocht an aonaid i nodaireacht dheachúil.<br>Luach ainmniúil nó airgeadúil na cripteashócmhainne. | {DEACHÚIL-18/17} i gcás ina léirítear an chainníocht mar líon aonad<br>{DEACHÚIL-18/5} i gcás ina léirítear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil |
| 35 | Cainníocht atá fágtha | An chainníocht iomlán atá fágtha sa leabhar orduithe tar éis forghníomhú páirteach nó i gcás aon teagmhas eile a dhéanann difear don ordú.<br>I gcás teagmhas ordaithe líonta pháirtigh, is éard a bheidh ann an méid iomlán a bheidh fágtha tar éis an fhorghníomhaithe pháirtigh sin. I gcás iontráil ordaithe, beidh sé sin cothrom leis an gcainníocht tosaigh. | {DEACHÚIL-18/17 i gcás ina léirítear an chainníocht mar líon aonad<br>{DEACHÚIL-18/5 i gcás ina léirítear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil |
| 36 | Cainníocht léirithe | An chainníocht atá infheicthe (seachas i bhfolach) san ordú. | {DEACHÚIL-18/17 i gcás ina léirítear an chainníocht mar líon aonad<br>{DEACHÚIL-18/5 i gcás ina léirítear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil |

| Uimhir Réimse | Ainm Réimse | Tuairisc réimse | Mionsonraí an leabhair orduithe |
|---|---|---|---|
| 37 | Cainníocht thrádáilte | I gcás forghníomhú páirteach nó iomlán, déanfar an réimse seo a líonadh leis an gcainníocht fhorghníomhaithe. | {DEACHÚIL-18/17} i gcás ina léirítear an chainníocht mar líon aonad<br>{DEACHÚIL-18/5 i gcás ina léirítear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil |
| 38 | Íoschainníocht Inghlactha (MAQ) | An íoschainníocht inghlactha le haghaidh ordú atá le líonadh ar féidir iliomad fhorghníomhuithe páirteacha a bheith i gceist léi agus ní bhaineann sí ach le cineálacha ordaithe neamhleanúnacha de ghnáth.<br>'NOAP' a bheidh sa réimse seo i gcás nach bhfuil sé ábhartha. | {DEACHÚIL-18/17} i gcás ina léirítear an chainníocht mar líon aonad<br>{DEACHÚIL-18/5 i gcás ina léirítear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil<br>'NOAP' |
| 39 | Íosmhéid infhorghníomhaithe (MES) | Íosmhéid infhorghníomhaithe aon fhorghníomhú aonair a d'fhéadfadh a bheith ann.<br>Fágfar an réimse seo bán i gcás nach bhfuil sé ábhartha. | {DEACHÚIL-18/17} i gcás ina léirítear an chainníocht mar líon aonad<br>{DEACHÚIL-18/5 i gcás ina léirítear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil |
| 40 | MES an chéad fhorghníomhú amháin | Sonraítear cé acu atá nó nach bhfuil MES ábhartha don chéad fhorghníomhú amháin.<br>Is féidir an réimse seo a fhágáil bán i gcás ina bhfágtar réimse 39 bán. | 'fíor'<br>'bréagach' |
| 41 | Táscaire éighníomhach amháin | Léirítear leis sin má chuirtear an t-ordú isteach chuig an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a bhfuil saintréith/bratach aici, sa chaoi nach ndéanfar an t-ordú a fhorghníomhú láithreach in aghaidh aon ordú infheicthe ón taobh malartach. | 'fíor'<br>'bréagach' |
| 42 | Táscaire éighníomhach nó ionsaitheachta | I gcás teagmhais ordaithe líonta nó ordaithe líonta pháirtigh, léirítear cé acu a bhí nó nach raibh an t-ordú ar an leabhar orduithe cheana agus ag soláthar leachtachta (éighníomhach) nó gur tionscnaíodh leis an ordú an trádáil agus dá bhrí sin ghlac sé leachtacht (ionsaitheach).<br>Fágfar an réimse seo bán i gcás nach infheidhme. | 'PASV' – éighníomhach nó<br>'AGRE' – ionsaitheach. |

| Uimhir Réimse | Ainm Réimse | Tuairisc réimse | Mionsonraí an leabhair orduithe |
|---|---|---|---|
| 43 | Cosc ar fhéin-fhorghníomhú | Tugtar le fios ar cuireadh an t-ordú i bhfeidhm le critéir maidir le cosc ar fhéin-fhorghníomhú, ionas nach bhforghníomhódh sé le hordú ar an taobh eile den leabhar a chuir an rannpháirtí céanna isteach. | 'fíor'<br>'bréagach' |
| 44 | Aitheantas atá nasctha le straitéis maidir le hordú | An cód alfa-uimhriúil a úsáidtear chun gach ordú nasctha atá ina chuid de straitéis de bhun Airteagal 9(2) a nascadh. | {ALFA-UIMHIR-50} |
| 45 | Straitéis ródúcháin | An straitéis ródúcháin is infheidhme de réir shonraíocht an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní.<br>Fágfar an réimse seo bán i gcás nach infheidhme. | {ALFA-UIMHIR-50} |
| 46 | Cód aitheantais idirbhirt | Cód alfa-uimhriúil arna shannadh ag an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní don idirbheart de bhun Airteaga 14.<br>Beidh an cód uathúil, comhsheasmhach agus marthanach de réir MIC deighleoige ISO10383 agus in aghaidh an lae trádála. Maidir le comhpháirteanna an chóid aitheantais idirbhirt, ní nochtfar leo céannacht na gcontrapháirtithe leis an idirbheart a gcoinnítear an cód ar bun ina leith. Maidir le horduithe a tharchuirtear chuig ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 68(10), an chéad fhomhír, pointe (b) chuig eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní lasmuigh den Aontas, déanfar an fhaisnéis sin a thaifeadadh aon uair is féidir iad sin a aisghabháil. | {ALFA-UIMHIR-52} |
| Roinn K – Céimeanna trádála, praghas ceantála táscach agus méid | | | |
| 47 | Céimeanna trádála | Ainm gach ceann de na céimeanna trádála éagsúla ina bhfuil ordú sa leabhar orduithe lena n-áirítear stadanna trádála, scoradáin trádála agus fionraíochtaí. | {ALFA-UIMHIR-50} |
| 48 | Praghas ceantála táscach | An praghas ar a bhfuil gach ceant dlite neamhchrosáil i ndáil leis an gcripteashócmhainn a bhfuil ordú amháin nó níos mó curtha isteach ina leith. | {DEACHÚIL-18/5 i gcás ina léirítear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil.<br>I gcás ina dtuairiscítear praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar é san aonad mórairgeadra.<br>{DEACHÚIL-11/10} i gcás ina léirítear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh |

| Uimhir Réimse | Ainm Réimse | Tuairisc réimse | Mionsonraí an leabhair orduithe |
|---|---|---|---|
| 49 | Méid ceantála táscach | An méid (an líon aonad cripteashócmhainní) is féidir a fhorghníomhú ar an bpraghas ceantála táscach i gcás go dtagann deireadh leis an gceant an tráth beacht sin. | DEACHÚIL-18/17 i gcás ina léirítear an chainníocht mar líon aonad<br>DEACHÚIL-18/5 i gcás ina léirítear an chainníocht mar luach airgeadúil nó ainmniúil |

| Roinn L – Tír chónaithe daoine nádúrtha | | | |
|---|---|---|---|
| 50 | An tír chónaithe a shainaithint | Déanfar é a líonadh i gcás ina bhfuil duine nádúrtha ina chónaitheoir i dtír nach tír a náisiúntachta í dá dtagraítear in Airteagal 3(4). | {CÓDTÍRE_2}<br>'NOAP' |

*Tábla 3*

**SONRAÍ AR AN SLABHRA**

| Uimh. an réimse | RÉIMSE | ÁBHAR ATÁ LE TAIFEADADH | Mionsonraí atá le soláthar don údarás inniúil |
|---|---|---|---|
| 1 | Hais an idirbhirt | Aitheantóir lena gcumasaítear idirbheart sonrach ar an líonra a shainaithint go huathúil. | {ALFA-UIMHIR-140} |
| 2 | Seoltaí tiachóige | Cód lena sainaithnítear an tiachóg go huathúil, ar leis an gceannaitheoir/díoltóir í, a n-aistrítear an chripteashócmhainn chuici. | {ALFA-UIMHIR-140} |
| 3 | Seoltaí conartha cliste | Cód lena sainaithnítear seoladh conartha cliste go huathúil. | {ALFA-UIMHIR-140} |
| 4 | Stampa ama | Stampa ama chruthú an bhloic. | {DÁTA_AM_FORMÁID} |
| 5 | Cainníocht/soláthar iomlán reatha | Cóimheas idir an chainníocht aistrithe agus méid reatha comhlúthach na sócmhainne. | |
| 6 | Céannacht chomhartha | Aitheantóir Chomharthaí Digiteacha nó an t-aitheantóir coibhéiseach malartach dá dtagraítear in Airteagal 4 | {DTI}<br>{ALFA-UIMHIR-20} |
| 7 | Táille an líonra | Táillí a iarrtar chun na costais a bhaineann le bloc nua a chruthú a chumhdach. | |
| 8 | Teorainn táillí | Uasmhéid 'táillí líonra' atá úsáideoir ar an slabhra toilteanach a íoc as idirbheart sonrach a fhorghníomhú. | |

| Uimh. an réimse | RÉIMSE | ÁBHAR ATÁ LE TAIFEADADH | Mionsonraí atá le soláthar don údarás inniúil |
|---|---|---|---|
| 9 | *Méid na sonraí* | I dtaca le 'táille an líonra' agus 'teorainn táillí', is féidir 'ceangaltáin' a bheith in idirbheart ar an slabhra i réimse *sonraí* sonrach a dhéanann difear do na táillí líonra is gá chun an t-idirbheart a phróiseáil. | |
| 10 | 'Chuig' | An t-aitheantóir uathúil le haghaidh ceannaitheora a ghintear le prótacal DLT de ghnáth ar bhonn sheoltaí tiachóige an cheannaitheora. | {ALFA-UIMHIR-140} |
| 11 | 'ó' | An t-aitheantóir uathúil le haghaidh ceannaitheora a ghintear le prótacal DLT de ghnáth ar bhonn sheoltaí tiachóige an cheannaitheora. | {ALFA-UIMHIR-140} |
| 12 | Airgeadra | Cód airgeadra | {CÓDAIRGEADRA_3}<br>{DTI}<br>{ALFA-UIMHIR-20} |
| 13 | Uimhir thaifid an idirbhirt | Uimhir aitheantais a thuairiscítear i Réimse 2 atá uathúil don ghnólacht forghníomhaitheach le haghaidh gach taifid chun a áirithiú gur féidir nasc a dhéanamh idir an tuarascáil ar an slabhra agus an tuarascáil lasmuigh den slabhra. | {ALFA-UIMHIR-140} |